TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

Treoirbhileog 29

AM FIÚNTACH I gCIORCAL

Is coincheap é Am Fiúntach i gCiorcal *(Quality Circle Time)* a cheap agus a d'fhorbair Jenny Mosley. Is straitéis é a chuimsíonn cur chuige don scoil uile maidir le féinmhuinín a fheabhsú agus dea-chaidrimh a chruthú laistigh de phobal na scoile. Is iomaí leabhar atá scríofa ag Jenny faoi Am Ciorcail agus topaicí gaolmhara (tá catalóg ar fáil ón seoladh gréasáin ag bun an leathanaigh) agus bíonn cúrsaí ar siúl go rialta. Seo na bunphrionsabail a bhaineann le hAm Ciorcail:

- Cuir ar an tráthchlár é uair sa tseachtain
- Coinnigh formáid struchtúrach dó:
    - Cluiche ina gcasann daoine le chéile
    - Babhta chun dul i dtaithí ar an rud atá ar siúl
    - Fóram oscailte - ag úsáid ábhair labhartha
    - Misneach a thabhairt agus an rath a cheiliúradh
    - Deasghnáth dúnta
- Dírítear ar scileanna idirphearsanta agus inphearsanta na ndaltaí a fhorbairt: ag éisteacht, ag labhairt, ag smaoineamh, ag féachaint agus ag díriú isteach ar rud éigin
- Mínítear na bunrialacha go soiléir agus tagraítear dóibh go minic. Trí Am Ciorcail, comhaontaítear Rialacha Órga agus tuilleadh luachanna agus oibrítear orthu.

Seo iad na **Sé Riail Órga:**

1. Táimid cineálta - ní ghortaímid aon duine.
2. Táimid lách agus cabhraímid leat - ní ghortaímid mothúcháin daoine.
3. Tugaim cluas éisteachta - ní chuirimid isteach ar aon duine.
4. Oibrímid go crua - ní chuirimid ár gcuid ama féin ná am daoine eile amú.
5. Tugaimid aire do mhaoin - ní chuirimid amú é ná ní dhéanaimid damáiste de.
6. Táimid macánta - ní sheachnaímid an fhírinne.

Tá na Rialacha Órga priontáilte ar pháipéar órga agus tá siad le feiceáil ar fud na scoile. Moltar pictiúir a chur suas freisin de dhaltaí ag comhlíonadh na Rialacha Órga.

Tuilleadh eolais: http://www.circle-time.co.uk/site/home/ (leathanach baile don Am Fiúntach i gCiorcal)
http://www.circle-time.co.uk/site/catalogue_request/ (Iarr catalóg)
http://www.circle-time.co.uk/site/files/4.doc (Deich Riail Órga Dom Féin)
http://www.circle-time.co.uk/site/files/8.doc (Sampla de chluichí don Am Ciorcail)
http://www.circle-time.co.uk/site/files/3.doc (Bunrialacha le haghaidh Cruinnithe Fiúntacha)

Féach freisin Treoirbhileog 19 maidir leis an gcoincheap gaolmhar **Am Órga**.